RÚN (AE) 2022/1826 ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 a chur chun feidhme (Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0072/2022),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh Comhpháirteach Teicneolaíochta um Chógais Leighis Nuálacha a chur chun feidhme ("Comhghnóthas IMI") i mí na Nollag 2007 ar feadh tréimhse 10 mbliana chun feabhas suntasach a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an phróisis forbartha drugaí, arb é is aidhm dó san fhadtéarma go dtáirgfeadh an earnáil chógaisíochta cógais atá níos éifeachtaí agus níos sábháilte;

B. de bhrí, tar éis Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle ([1]) a ghlacadh i mí na Bealtaine 2014, gur bunaíodh an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 a chur chun feidhme ("Comhghnóthas IMI2") don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024; de bhrí gur tháinig sé in ionad Chomhghnóthas IMI i mí an Mheithimh 2014 agus go bhfuil sé mar chomharba air, agus é mar aidhm leis gníomhaíochtaí taighde a thabhairt chun críche faoin Seachtú Clár Réime agus tionscadal nua a sheoladh faoi chreat an chláir Fís 2020;

C. de bhrí gurb iad an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht air, agus Cónaidhm Eorpach na dTionscal agus na gComhlachas Cógaisíochta (an "tionscal") comhaltaí bunaithe Chomhghnóthas IMI agus Chomhghnóthas IMI 2;

D. de bhrí gurb é EUR 1 000 000 000 an ranníocaíocht is mó ón Aontas le Comhghnóthas IMI do thréimhse 10 mbliana, a bheidh le híoc ó bhuiséad an Seachtú Clár Réime agus go ranníocfaidh na comhaltaí bunaitheacha go cothrom le costais reatha Chomhghnóthas IMI, agus nach mó an méid sin ná 4 % de ranníocaíocht iomlán an Aontais;

E. de bhrí gurb é EUR 1 630 000 000 an ranníocaíocht uasta don tréimhse 10 mbliana ón Aontas, lena n-áirítear leithreasuithe Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, le Comhghnóthas IMI2 atá le híoc ó bhuiséad an chláir Fhís 2020, agus go gcaithfidh na comhaltaí, seachas an Coimisiún, 50 % de na costais reatha a ranníoc agus rannchuidiú le costais oibríochtúla trí ranníocaíochtaí airgid nó comhchineáil, nó an dá rud, méid atá cothrom le ranníocaíocht airgeadais an Aontais;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

1. á thabhairt dá haire go gcinntear sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") ar chuntais Chomhghnóthas IMI2 don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 go ndéantar tuairisciú cothrom, ar gach slí ábharach, ar staid airgeadais Chomhghnóthais IMI2 amhail an 31 Nollaig 2020, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; á thabhairt dá haire, sa bhreis air sin, de réir na tuarascála ón gCúirt, go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábharach;

2. á thabhairt dá haire gur EUR 276 538 561 a bhí sa bhuiséad deiridh de chuid Chomhghnóthas IMI2 a bhí ar fáil do 2020, lena n-áirítear leithreasuithe nár úsáideadh arís ó na blianta roimhe sin, ioncaim shannta, agus ath-leithdháiltí go dtí an chéad bhliain eile, i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (ar as a n-áirítear EUR 269 829 327 ó bhuiséad an Aontais) agus EUR 241 559 114 i leithreasuithe íocaíochta (a bhfuil EUR 232 349 880 de ag teacht ó bhuiséad an Aontais); á thabhairt dá haire gur shroich cur i ngníomh buiséid na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 98,66 % agus 97,08 % faoi seach;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálach 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 54).

3. á thabhairt dá haire, as an EUR 1 000 000 000 de na ranníocaíochtaí a bheidh le déanamh ag comhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas IMI, gur thuairiscigh agus gur bhailíochtaigh Comhghnóthas IMI faoi dheireadh 2020 EUR 759 471 000 de ranníocaíochtaí comhchineáil agus ranníocaíochtaí airgid EUR 759 471 000 ó chomhaltaí príobháideacha, ar de ranníocaíochtaí comhchineáil EUR 737 573 000 in airgead tirim agus EUR 21 898 000 díobh in airgead tirim; á thabhairt dá haire go raibh 11 thionscadal á reáchtáil faoi Chomhghnóthas IMI le linn 2020, a raibh 3 cinn acu tagtha chun críche faoin 31 Nollaig 2020;

4. á thabhairt dá haire gurbh ionann ráta úsáide Chomhghnóthas IMI do leithreasuithe íocaíochta don Seachtú Clár Réime agus 96 %;

5. á thabhairt dá haire gur tuairiscíodh agus gur bailíochtaíodh as EUR 1 425 000 000 de ranníocaíochtaí comhchineáil agus ranníocaíochtaí airgid thirim atá le déanamh ag comhaltaí tionscail le gníomhaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas IMI2, go ndearnadh ranníocaíochtaí comhchineáil EUR 317 206 000 agus ranníocaíochtaí airgid EUR 20 717 000 a thuairisciú agus a bhailíochtú, agus ina theannta sin go ndearnadh EUR 7 064 000 in airgead tirim agus EUR 34 972 000 de ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí gaolmhara a thuairisciú agus a bhailíochtú; á thabhairt dá haire, dá bhrí sin, ag deireadh 2020, gurbh ionann ranníocaíochtaí iomlána chomhaltaí an tionscail agus na gcomhpháirtithe comhlachaithe le gníomhaíochtaí an chláir Fís 2020 de chuid Chomhghnóthas IMI2 agus EUR 379 959 000, i gcomparáid le ranníocaíocht airgid iomlán EUR 643 180 000 ón Aontas; á aithint go leagtar síos rialacha réamh-mhaoinithe leis an Rialachán Airgeadais agus leis an gcomhaontú deontais samplach agus go bhfuil sí ag súil go mbeidh na ranníocaíochtaí ón tionscal ar comh-mhéid leis an ionchur ón Aontas ar leibhéal an chláir faoi dheireadh Chomhghnóthas IMI2; á thabhairt dá haire, maidir le buiséad 2020 a bheidh ar fáil do thionscadail an chláir Fís 2020, gurbh ionann na rátaí cur chun feidhme le haghaidh leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí agus 100 % agus 99,7 % faoi seach; á thabhairt dá haire go raibh 92 thionscadal á reáchtáil faoi Chomhghnóthas IMI2 le linn 2020, a raibh 6 cinn acu tagtha chun críche faoin 31 Nollaig 2020; á thabhairt dá haire go bhfuil an méadú ar ghealltanais de EUR 200 400 000 (cistiú ón Aontas) in 2020 agus EUR 182 300 000 (an gealltanas ón tionscal agus ón gComhpháirtí Comhlachaithe) mar thoradh ar thabhairt i gcrích19 gcomhaontú deontais nua sínithe ag Comhghnóthas IMI2, lena n-áirítear 8 dtionscadal don ghlao éigeandála ar thograí maidir le cóireálacha agus diagnóisic an choróinvíris;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ó Chomhghnóthas go chéile maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfaí ríomh na ranníocaíochta comhchineáil a chomhchuibhiú ó Chomhghnóthas go chéile;

7. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, go mbíonn tréimhsí fada tionscadail mar shaintréith de Chomhghnóthas IMI2 mar gheall ar chineál a chuid taighde agus gur sampla é an staid sin de rátaí éagsúla ratha i dtaobh na spriocanna ranníocaíochta a leagtar síos i rialacháin na gComhghnóthas maidir le gníomhaíochtaí an chláir Fís 2020, agus go bhfuil an baol ann leis sin nach leor leibhéal na n-acmhainní riaracháin is gá chun cistí an Chomhghnóthais a bhainistiú ar bhealach tráthúil, mar gheall ar líon méadaitheach tionscadal ó chláir de chuid an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil a bheith á gcur chun feidhme go comhuaineach; á iarraidh ar Chomhghnóthas IMI2 athbhreithniú a dhéanamh ar a struchtúr eagraíochtúil agus ar a riachtanais foirne chun leanúnachas gnó a áirithiú i dtréimhsí ina bhfuil méadú suntasach tagtha ar shreabha oibre; á iarraidh ar Chomhghnóthas IMI2 níos mó trédhearcachta a chur ar fáil sa phróiseas cinnteoireachta dá thosaíochtaí taighde agus an modh roghnaithe a chur in iúl sa chéad tuarascáil bhliantúil eile uaidh;

8. á thabhairt dá haire go ndearna Comhghnóthas IMI2 fós íocaíochtaí deiridh deontais don Seachtú Creatchlár in 2020; á thabhairt dá haire, thairis sin, de réir na Cúirte, gur thuairiscigh Comhghnóthas IMI2 rátaí earráidí iarmharacha atá faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 %, bunaithe ar thorthaí an iniúchta *ex post* ag deireadh 2020;

9. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, gurb é an toradh atá ar an gcleachtas atá ag Comhghnóthas IMI2 leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh ó na blianta roimhe sin a athghníomhachtú i méid na ngealltanas riaracháin oscailte, ná go gcarnadh na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh agus, gur measa an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19, gurbh é an toradh a bhí air ráta íseal cur chun feidhme buiséid do bhuiséad riaracháin Theideal 2 Chomhghnóthas IMI2 de 51 %; á aithint gurbh ionann méid leithreasaí íocaíochta Theideal 2 nár caitheadh agus EUR 3,2 milliún, i gcomparáid le EUR 241 559 114 de na leithreasaí iomlána íocaíochta buiséadaithe; á thabhairt dá haire, de réir fhreagra Chomhghnóthas IMI2, nach rabhthas in ann coigeartuithe iomchuí a dhéanamh ar an ngéarchéim dhomhanda atá bunaithe ar phaindéim dhomhanda atá ag athrú go tapa agus atá éiginnte, agus i gcás 2021 go bhfuiltear ag pleanáil méid níos lú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí riaracháin a thabhairt ar aghaidh ná méid na ngealltanas a tugadh ar aghaidh go dtí 2021 faoi Theideal 2, agus go bhfuil sé beartaithe aige an difríocht a íoc as buiséad na bliana reatha; á iarraidh ar Chomhghnóthas IMI2 plean a fhorbairt chun srian a chur le hathghníomhachtú na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh mar bhealach chun ráta íseal cur chun feidhme an bhuiséid a chosc;

Feidhmíocht

10. á thabhairt dá haire gur sheol Comhghnóthas IMI2 glao mear ar thograí maidir le cóireálacha agus diagnóisic an choróinvíris, a raibh 8 dtionscadal mar thoradh air; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur seoladh trí ghlao bhreise ar thograí a bhaineann le hábhair amhail galair neamhchoitianta, galair thógálacha, ailse, galair néaraimheathlúcháin agus galair uath-imdhíonacha; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur síníodh 19 gcomhaontú deontais nua do thionscadail a bhfuil buiséad comhcheangailte iomlán os cionn EUR 380 000 000 acu, rud a fhágann go mbeidh 167 dtionscadal i bpunann Chomhghnóthas IMI2 ina hiomláine; á thabhairt dá haire go ndíríonn na tionscadail nua ar ailse, diaibéiteas, otracht, sláinte dhigiteach, intleacht shaorga, ardteiripí, fionnachtain drugaí agus saincheisteanna comhshaoil;

11. ag tabhairt dá haire gur léiríodh i dtuarascáil bhliantúil 2020 ar ghníomhaíochtaí gur bhain Comhghnóthas IMI2 úsáid as 235 shaineolaí as 29 dtír chun meastóireacht a dhéanamh ar shaineolaithe. Ba mhná iad 105 bhall den ghrúpa saineolaithe sin agus ba fhir iad 130 acu; á chur in iúl gur geal léi go leanann Comhghnóthas IMI2 den chothromaíocht inscne a fheabhsú i ndáil leis sin;

12. á thabhairt dá haire go mbaineann Comhghnóthas IMI2, seachas sonraí a bhailiú chun tuairisciú i gcoinne eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) caighdeánacha an chláir Fís 2020 chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair chuspóirí sonracha an chláir; úsáid as ETFanna chun gníomhaíochtaí a rianú i 10 réimse straitéiseacha, á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go mbailíonn Comhghnóthas IMI2 sonraí maidir leis na pointí sin trí ardán gréasáin tiomnaithe trínar féidir le comhordaitheoirí tionscadail torthaí a dtionscadail a chur isteach, lena gcuirfear ar chumas Chomhghnóthas IMI2 sonraí a chomhiomlánú agus a anailísiú, agus léargas a fháil ar an méid atá bainte amach ag tionscadail de réir mar a thagann athrú orthu; á thabhairt dá haire, cé gur le haghaidh Chomhghnóthas IMI2 a ceapadh na ETFanna sin, go mbailíonn Comhghnóthas IMI, i gcás inarb ábhartha, na sonraí le haghaidh thionscadail Chomhghnóthas IMI, lena gceadaítear iniúchadh ar thionchair an Chomhghnóthais ó cuireadh tús leis; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go léirítear san anailís a rinneadh ar na sonraí a bailíodh go dtí an 31 Nollaig 2020 go dtugann tionscadail Chomhghnóthas IMI2 aghaidh ar bheagnach gach réimse tosaíochta de chuid Chlár Oibre Taighde Comhpháirteach IMI2 (11 as 12);

13. á thabhairt dá haire go bhfuil roinnt uirlisí agus próisis nua arna nginiúint ag tionscadail Chomhghnóthas IMI2 curtha chun feidhme ag rannpháirtithe an tionscail (samplaí den chur chun feidhme sin is ea samhlacha ainmhithe, caighdeáin, bithmharcóirí, nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha, úsáid ardán scagtha, líonraí trialach cliniciúla, etc.). Léirítear sna sonraí freisin go raibh 176 thoradh cur chun feidhme ann do Chomhghnóthas IMI2 (i gcomparáid le sprioc 50) agus 482 thoradh cur chun feidhme do Chomhghnóthas IMI agus Comhghnóthas IMI2 nuair a áirítear le chéile iad; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil eagraíochtaí othar agus comhlachais gairmithe cúraim sláinte rannpháirteach i 60 % de na tionscadail mar chomhpháirtithe cuibhreannais, mar chomhaltaí bord comhairleach, mar chomhaltaí de ghrúpaí geallsealbhóirí etc., agus go bhfuil an treocht sin fós cobhsaí le linn Chomhghnóthas IMI2; á chur in iúl gur ábhar imní di, áfach, nach ráthaíonn tionscadail Chomhghnóthas IMI2 fós inacmhainneacht, inrochtaineacht agus infhaighteacht torthaí taighde a mhaoinítear go poiblí; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar chomharba Chomhghnóthas IMI2, Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, ceanglais nua a thabhairt isteach láithreach, ar ceanglais iad faoina mbeadh sé d'oibleagáid ar thairbhithe uile chistiú poiblí an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta i ndáil le cóireáil, cosc nó diagnóis, gealltanas a thabhairt go gcloífidh siad le rochtain, éifeachtacht, inacmhainneacht agus infhaighteacht;

14. á thabhairt dá haire go léirítear leis sin go bhfuil tionscadail Chomhghnóthas IMI2 ag dul ar aghaidh go dinimiciúil agus, i gcásanna áirithe, go bhfuil na spriocanna atá bunaithe á sárú aige, rud a fhágann go bhfuil roinnt de thionscadail Chomhghnóthas IMI2 críochnaithe agus go bhfuil deireadh tagtha le timthriall chlár Chomhghnóthas IMI2;

15. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, gur chuir Comhghnóthas IMI2 go mór leis an bhfreagairt choiteann Eorpach ar phaindéim COVID-19 agus go ndearna Comhghnóthas IMI2 EUR 45 000 000 dá bhuiséad 2020 a ath-leithdháileadh ar ghlao mear ar thograí a seoladh i mí an Mhárta 2020; á thabhairt dá haire, sa bhreis air sin, gur le cistí an chláir Fís 2020 ón gCoimisiún tháinig méadú ar an nglao go EUR 72 000 000;

16. ag tabhairt dá haire nach mór aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gceart maoine intleachtúla i ngach conradh a d'fhéadfadh éifeacht bheartaithe a bheith ar an bhfeidhmíocht, nó toradh, amhail staidéir, anailís nó meastóireachtaí; á thabhairt dá haire go bhfuil sé mar aidhm leis cearta cruthaitheoirí aonair a chosaint, ach freisin sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear na cearta amach anseo; á thabhairt dá haire, ós rud é gur le hairgead poiblí a dhéantar na ceannacháin, gur cheart go mbeadh na torthaí trédhearcach agus inrochtana don phobal; á iarraidh ar Chomhghnóthas IMI2 soiléiriú a thabhairt ar chearta maoine intleachtúla agus níos mó trédhearcachta a thabhairt a mhéid a bhaineann le torthaí an taighde;

17. á thabhairt dá haire gurb é 1,01 éifeacht ghiarála Chomhghnóthas IMI2 in 2020;

Earcaíocht agus foireann ag déileáil le COVID-19

18. á thabhairt dá haire gur as na 56 phost a bhí i bplean bunaíochta foirne Chomhghnóthas IMI2, go raibh 53 acu líonta an 31 Nollaig 2020, agus gur líonadh cúig cinn le linn 2020, triúr do ghníomhairí sealadacha agus beirt do ghníomhairí ar conradh;

19. á thabhairt dá haire gur aistrigh foireann Chomhghnóthas IMI2 go teilea-obair lánaimseartha le linn thréimhse na dianghlasála, agus go raibh an fhoireann in ann rochtain a fháil ar na comhaid, na huirlisí agus na hacmhainní go léir a bhí de dhíth orthu ón gcéad lá; á thabhairt dá haire gur éascaíodh an t-aistriú go dtí an obair ón mbaile freisin toisc gur ghlac Comhghnóthas IMI2 roinnt uirlisí caighdeánacha de chuid an Choimisiúin, amhail ARES, Sysper agus sraith iomlán uirlisí TF bainistithe de chuid an chláir Fís 2020; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur chomhaontaigh Comhghnóthas IMI2 agus na comhghnóthais eile atá ag obair san fhoirgneamh céanna maidir le tacar amháin rialacha do bhaill foirne ar gá dóibh, go heisceachtúil, obair a dhéanamh san oifig, sábháilteacht agus folláine na foirne a áirithiú, agus gur leag sí amach freisin filleadh de réir a chéile ar an oifig; á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go mbaineann dúshláin d'fhostaithe le paindéim COVID-19, go háirithe agus dálaí maireachtála éagsúla á gcur san áireamh, an easpa rochtana ar spás oifige agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leithlisiú; á iarraidh ar Chomhghnóthas IMI2 díriú ar dhea-bhail na foirne, ar bhainistiú struis agus ar chothromaíocht oibre agus saoil; á iarraidh ar an mbainistíocht a áirithiú go bhfuil struchtúir tacaíochta iomchuí i bhfeidhm chun dea-bhail shíceolaíoch na foirne a áirithiú;

Iniúchóireacht inmheánach

20. á thabhairt dá haire go ndearna an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí (IAS) iniúchadh in 2020 ar chur chun feidhme dheontais an chláir Fís 2020 i gComhghnóthas IMI2 mar a foráladh ar dtús i bplean straitéiseach iniúchóireachta inmheánaí 2019-2021; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gurbh é cuspóir na hiniúchóireachta sin measúnú a dhéanamh ar leorgacht dhearadh agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm chun comhaontuithe deontais a chur chun feidhme faoin gclár Fís 2020;

21. á thabhairt dá haire gur chuir stiúrthóir feidhmiúcháin Chomhghnóthas IMI2 na hiniúchóirí inmheánacha ar an eolas i mí na Samhna 2020 maidir leis na forbairtí eagraíochtúla agus oibríochtúla is déanaí ar Chomhghnóthas IMI2 agus maidir leis na torthaí a bhí ar an measúnú riosca is déanaí, agus gur chuir sé aiseolas ar fáil maidir leis na topaicí iniúchóireachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus iad ag ullmhú do phlean straitéiseach CIC;

Córais rialaithe inmheánaigh

22. á thabhairt dá haire gur thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ón gCúirt gur bhunaigh Comhghnóthas IMI2 nósanna imeachta rialaithe *ex ante* iontaofa in 2020 d'athbhreithnithe deisce airgeadais agus oibríochtúla agus in 2018 gur chuir an Comhghnóthas creat rialaithe inmheánaigh (CRI) an Choimisiúin chun feidhme, ar creat é atá bunaithe ar 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh;

23. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, go ndéanann Comhghnóthas IMI2 iniúchtaí *ex post* ar áitreabh na dtairbhithe i gcás íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh de chuid an Seachtú Clár Réime, agus i gcás éilimh ar chostais tionscadail an chláir Fís 2020, tá Seirbhís Choiteann Iniúchóireachta (CAS) an Choimisiúin freagrach as na hiniúchtaí *ex post*, agus bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí *ex post* a bhí ar fáil ag deireadh 2020, gur thuairiscigh Comhghnóthas IMI2 ráta earráide ionadaíoch 2,16 % agus ráta earráide iarmharaí 1,14 % dá chuid tionscadal de chuid an Seachtú Clár Réime, agus ráta earráide ionadaíoch 1,13 % agus ráta earráide iarmharaí 0,74 % le haghaidh thionscadail an chláir Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, de réir an togra ón gCoimisiún maidir le rialachán an chláir Fís 2020, gurb é an aidhm dheiridh i dtaca leis an leibhéal earráidí iarmharacha a bheidh ann tráth dhúnadh an chláir, tar éis tionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus na mbeart uile aisghabhála a bheith curtha san áireamh, ná go mbainfear amach leibhéal chomh gar agus is féidir do 2 %;

24. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, mar chuid de na rialuithe oibríochtúla, go ndearnadh in iniúchadh na Cúirte sampláil randamach ar íocaíochtaí an chláir Fís 2020 a rinneadh in 2020 ar leibhéal na dtairbhithe deiridh, chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex post*, agus gur léiríodh sna hiniúchtaí mionsonraithe sin, in aon chás amháin, earráid shistéamach os cionn 1 % de na costais iniúchóireachta a bhain leis na costais dhíreacha a dearbhaíodh mar chostais dhíreacha eile toisc gur dhearbhaigh an tairbhí go mícheart gur costais dhíreacha eile iad roinnt míreanna costais indíreacha nach bhfuil inchurtha go díreach leis an tionscadal; á thabhairt dá haire, áfach, go gcumhdaítear na costais indíreacha sin le ráta comhréidh 25 % den mhéid costais dhírigh;

25. ag cur béim ar an bhfíoras, sa tuarascáil ón gCúirt, go bhfuarthas earráidí córasacha leanúnacha sna costais phearsanra a bhí dearbhaithe ag tairbhithe, go háirithe i gcás FBManna agus tairbhithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh earráidí den sórt sin a thuairisciú go rialta freisin sna hiniúchtaí *ex post* ar CAS agus ar a iniúchóirí ar conradh; á thabhairt chun suntais, ar leathanach 39 den tuarascáil uaithi, gurb amhlaidh a luaitear gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú rialacha an chláir Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe le haghaidh clár réime taighde a bheidh ann amach anseo, ar mhaithe le rátaí earráide a chobhsú go leibhéal níos ísle ná an leibhéal ábharthachta; a mholadh don Chomhghnóthais neartú a dhéanamh ar a chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise gur gnách le FBManna agus tairbhithe nua níos mó earráidí a dhéanamh.